# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOÍN 4 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA 2:00 – 4:30

Freagair **Roinn A agus Roinn B** de **Cheist 1** agus **trí** cheist eile.

THALL→


**Ceist 1.** **(65 marc)**

## ROINN A – 30 marc


Freagair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:

**(a)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus greamacháin á n-úsáid chun ábhair a cheangal.

**(b)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreonach a seasann an tsiombail a thaispeántar dó.



**(c)** Luaigh cúis **amháin** le treoirpholl a druileáil.




**(d)** Sainaithin an uirlis ghearrtha a thaispeántar.

**(e)** Luaigh sampla **amháin** den úsáid a bhaintear as tomhsaire plocóide.


**(f)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid Dearadh Ríomhchuidithe (CAD).

**(g)** Sainaithin **gach** ceann de na foirmeacha snáithe a thaispeántar:


**(i)**



**(ii)**



**(h)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag an meicníocht raicín agus cheapachóra a thaispeántar.



## ROINN B – 35 marc

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar fheidhm agus ar oibriúchán **ceann amháin ar bith** díobh seo a leanas:

Iarann sádrála leictreach, Raca agus pinniún, Umar tumbhrataithe plaistigh.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo:


Crua-earraí, Brabhsálaí, Víreas, LAP (CPU).

**(k)** Déan cur síos, le cabhair léaráide, ar an difríocht idir *fórsa comhbhrúiteach* agus *fórsa inteannta*.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

Cnó féinghlasála, Inslitheoir leictreach, Beibhealghiar, Ceam agus leantóir.

**(m)** Ainmnigh an córas tiomána a thaispeántar agus luaigh feidhm oiriúnach dó.



**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh na foirnéisí a úsáidtear chun **dhá cheann ar bith** de na hábhair seo a leanas a tháirgeadh:

Muciarann, Cruach ardcharbóin, Iarann teilgthe.

**(ii)** Bain úsáid as léaráid oiriúnach agus déan cur síos ar cheann **amháin** de na foirnéisí atá sainaitheanta ag **2(a)(i)** thuas.

**(b)** **(i)** Mínigh an téarma *cóimhiotal*.

**(ii)** Sainaithin **dhá** chóimhiotal ón liosta seo a leanas:

Sádar, Copar, Prás, Sinc.

**(c)** Roghnaigh **trí** mhiotal **ar bith** ón liosta thíos agus luaigh feidhm oiriúnach **amháin** do **gach** ceann díobh:

Tungstan, Alúmanam, Luaidhe, Cruach dhosmálta.


**(d)** Cén difríocht atá idir miotal *feiriúil* agus miotal *neamhfheiriúil*?

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na próisis seo a leanas:

**(i)** Ainéaladh, **(ii)** Screamhchruachan, **(iii)** Saotharchruachan.

**(b)** Déan cur síos ar conas a dhéantar cuid **A** den lárphritil a thaispeántar, a chruachan agus a fhaghairt.





**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus pointe lárphritile á chruachan agus á fhaghairt.

**(d)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na hairíonna miotail seo a leanas:

**(i)** Intuargainteacht, **(ii)** Leaisteachas, **(iii)** Brisce.

**NÓ**




**(d)** **(i)** Sainaithin an chomhpháirt neomatach a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar fheidhm oiriúnach don chomhpháirt neomatach seo.

**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh na **trí** chineál lasair ocsaicéitiléine a thaispeántar:



**(i)** **(ii)** **(iii)**


**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas maidir le **stuatháthú miotail de láimh**:

**(i)** Conas a dhéantar an teas don táthú?

**(ii)** Cén fáth a mbíonn gá le flosc ag an siúnta?

**(iii)** Cén fheidhm atá ag an teanntán talmhaithe?

**(iv)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta oiriúnach **amháin** ba chóir a chomhlíonadh.



**(c)** Roghnaigh **trí cinn ar bith** de na hábhair seo a leanas agus sainaithin an próiseas atá le húsáid chun siúnta buan a dhéanamh i **ngach** cás.


**(i)** Stánphláta, **(ii)** Pláta bogchruach, **(iii)** Aicrileach, **(iv)** Alúmanam tanaí.

**(d)** Tabhair **dhá** chúis nach mór spéaclaí cosanta a chaitheamh nuair a bhítear ag táthú le gás.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na próisis mhonaraithe plaisteach a thaispeántar.




**(ii)** Déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis mhonaraithe plaisteach atá ainmnithe in **5(a)(i)** agus luaigh táirge oiriúnach a dhéanfaí ar an gcaoi sin.

**(b)** Sainaithin **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus bileog the phlaisteach á foirmiú.


**(c)** Mínigh an bhundifríocht idir *teirmeaplaisteach* agus *plaisteach teirmithéachtach*.

**(d)** Ainmnigh feidhm thionsclaíoch do **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** Níolón, **(ii)** Polaistiréin.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Tá an roth i gcomhair mionsamhail de charr le deileadh ar lárdheil.



Ainmnigh **trí cinn** de na hoibriúcháin deilte a úsáidtear chun roth an chairr a dhéanamh.

**(b)** **(i)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na modhanna coinnithe oibre seo a leanas a úsáidtear ar an deil:

Crágán neamhspleách ceithre ghiall, Daingnitheoir fosaithe, Pláta fásála.

**(ii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta oiriúnach ba chóir a chomhlíonadh sa mhodh coinnithe oibre a roghnaíodh in **6(b)(i)**.

**(c)** Maidir le meaisíniú, déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Uillinn sciota, **(ii)** Fuarthán, **(iii)** Cúlstoc.

**NÓ**


**(c)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí deile CNC seo a leanas:

**(i)** Lasc shábháilteachta, **(ii)** G-chód, **(iii)** CAD/CAM.

**Ceist 7.** **(45 marc)**


**(a)** Déan cur síos, le cabhair sceitsí, ar **dhá cheann ar bith** de na cineálacha oiriúna i gcóimeáil seafta agus poill:
**(i)** Glanoiriúint, **(ii)** Leathoiriúint, **(iii)** Bacoiriúint.


**(b)** Déantar seafta práis a mheaisíniú de réir na dtoisí a thaispeántar.





Luaigh:
**(i)** trastomhas ainmniúil an tseafta;
**(ii)** uas-trastomhas an tseafta;
**(iii)** íos-trastomhas an tseafta;
**(iv)** lamháltas an tseafta.


**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** do gach ceann:


**(i)**


**(ii)**




**(iii)**


**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Sainaithin **trí cinn ar bith** de na siombailí leictreonacha a thaispeántar sa léaráid chiorcaid.



# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán